Mé Féin 4 - An Aimsir Chaite (inné)

D'iompar

1 D'iompar an t-athair a mhac ar a dhroim.

2 D'iompar an t-athair a iníon ar a dhroim.

Ní raibh Thomhais

3 Bhí bolg mór ar an bhfear seo.

4 Ní raibh bolg mór ar an mbean. Thomhais sí a básta inné.

Scrúdaigh Shuigh

5 Scrúdaigh an dochtúir a cliabhrach arú inné.

6 Shuigh an páiste óg ar chliabhrach a sheanathar.

Shuigh Rinne

7 Shuigh an buachaill óg ar a thóin théis píosa.

8 Rinne an fear go leor traenáil don chluiche mór. Bhí a thóin san aer.

Bhris Thosaigh

9 Bhris an fear óg a chos. Bhí sé ar mhaidí croise.

10 Thosaigh an páiste óg ag siúl. Shiúil a mháthair ina dhiaidh.

Chuir Chuimil

11 Chuir an fear banda ar a ghlúin gortaithe.

12 Chuimil sé a ghlúin dheas lena lámh chlé.

Bhí Chorraigh

13 Bhí méaracha beaga na gcos ar an bpáiste óg.

14 Chorraigh an páiste óg méaracha beaga a gcos

Chuimil Chaith

16 Chuimil an fisiteiripeoir (an fisió) an tsáil.

16 Chaith mo dheirfiúr bróga dearga le sála arda.

Chuimil Shuigh

17 Chuimil sé uachtar ar an rúitín.

18 Shuigh an bhean ar an gcosán. Ghortaigh sí a rúitín.

Ghearr Chuir

19 Ghearr an mháthair ingne an pháiste

20 Chuir an sciamheolaí vearnáis ingne ar ingne m'aintín sa salón áilleachta.

Foclóir

D'iompar / carried

1 an t-athair / the father a mhac / his son ar a dhroim / on his back

2 a iníon / his daughter
Ní raibh / was not Thomhais / measured
3 bolg mór / big tummy/belly ar an bhfear / on this man (ar an + bh)
4 ar an mbean / on the woman a básta / her waist.
Scrúdaigh / examined Luigh / lay
5 an dochtúir/the doctor a cliabhrach /her chest inné/ yesterday arú inné /before yesterday
6 páiste óg / young child ar chliabhrach /on the chest a sheanathar / of his grandfather
Shuigh / sat ag traenáil / training
7 an buachaill óg the young boy ar a thóin / on his bottom théis / after awhile
8 don chluiche mór / for the big game san aer / in the air
Bhris / broke Thosaigh / started
9 a chos / his leg ar mhaidí croise / on crutches
10 shiúil /walked an mháthair / the mother ina dhiaidh /after him
Chuir / put Chuimil / rubbed
11 Banda/plástar / bandage ar a ghlúin / on his knee gortaithe / injured (that was injured)
12 a ghlúin dheas / his right knee lena lámh chlé / with his left hand
Bhí / was Chorraigh / moved
13 méaracha beaga na gcos / toes beaga / small beag/beaga
14 méaracha beaga na gcos/ her toes
Chuimil / rubbed Chaith / wore
16 an fisiteiripeoir/an fisió the physiotherapist an tsáil / the heel
16 mo dheirfiúr / my sister bróga dearga red shoes le sála arda / with high heels
Chuimil rubbed Shuigh / sat
17 uachtar / cream ar an rúitín / on the ankle
18 ar an gcosán / on the path Ghortaigh sí / She hurt a rúitín / her ankle
Ghearr / cut Chuir / put
19 ingne / nails an pháiste / of the child
20 sciamheolaí / beautician vearnáis ingne / nail varnish salón áilleachta / beauty salon

Mé Féin - 4 An Aimsir Fháistineach (amárach)

Iompróidh
1 Iompróidh an t-athair a mhac ar a dhroim tráthnóna.
2 Iompróidh an t-athair a iníon ar a dhroim.
Ní bheidh Tomhaisfidh
3 Beidh bolg mór ar an bhfear seo má leanann sé ar aghaidh ag ithe bia mífholláin.
4 Ní bheidh bolg mór ar an mbean. Tomhaisfidh sí a básta go minic.
Scrúdóidh Suífidh
5 Scrúdóidh an dochtúir a cliabhrach san ospidéal amárach.
6 **Suífidh** an páiste óg ar chliabhrach a sheanathar nuair a thiocfaidh sé ar cuairt..

Suífidh Beidh

7 Suífidh an buachaill óg ar a thóin théis píosa.

8 Beidh an fear ag treenail don chluiche mór. Beidh a thóin san aer go minic.

Brisfidh Tosóidh

9 Brisfidh an fear óg a chos. Beidh sé ar mhaidí croise.

10 Tosóidh an páiste óg ag siúl. Siúlfaidh a mháthair ina dhiaidh ar feadh píosa.

Cuirfidh Cuimleoidh

11 Cuirfidh an fear banda ar a ghlúin (a bheidh) gortaithe.

12 Cuimleoidh sé a ghlúin dheas lena lámh chlé.

Beidh Corróidh

13 Beidh méaracha na gcos beag ar feadh tamaill.

14 Bogfaidh an páiste óg na méaracha beaga na gcos beaga go minic amárach.

Cuimleoidh Caithfidh

15 Cuimleoidh an dochtúír an tsáil ghortaithe.

16 Caithfidh mo dheirfiúr bróga le sála arda.

Cuimleoidh Suífidh

17 Cuimleoidh sé uachtar ar an rúitín gortaithe.

18 Suífidh an bhean ar an gcosán nuair a ghortóidh sí a rúitín.

Gearrfaidh Cuirfidh

19 Gearrfaidh an mháthair ingne an pháiste.

20 Cuirfidh an sciamheolaí vearnáis ingne ar ingne m'aintín sa salón áilleachta amárach.

Foclóir

Iompróidh / will carry

1 an t-athair / the father a mhac / his son ar a dhroim / on his back

2 a iníon / his daughter

Ní bheidh / will not Tomhaisfidh / will measure

3 bolg mór / big tummy/belly ar an bhfear / on this man (ar an + bh)

4 ar an mbean / on the woman a básta / her waist.

Scrúdóidh / will examine Luífidh / will lie

5 an dochtúir / the doctor a cliabhrach / her chest inné/ yesterday

6 páiste óg / young child ar ucht /on the chest a sheanathar / of his grandfather

Suifidh / will sit Traenálfaidh / will train

7 an buachaill óg / the young boy ar a thóin / on his bottom théis/ after awhile

8 don chluiche mór / for the big game san aer / in the air

Brisfidh / will break Tosóidh / will start

9 a chos / his leg ar mhaidí croise / on crutches

10 siúlfaidh / will walk an mháthair / the mother ina dhiaidh /after him

Cuirfidh / will put Cuimleoidh / will rub

11 banda /bandage ar a ghlúin /on his knee gortaithe/injured (a bhí gortaithe/ that was injured)
12 a ghlúin dheas / his right knee lena lámh chlé / with his left hand
Beidh / will Corróidh / will move
13 méaracha beaga na gcos / toes beaga / small beag/beaga
14 méaracha beaga na gcos /her small toes
Cuimleoidh / will rub Caithfidh will wear
16 an fisiteiripeoir/an fisió the physiotherapist an tsáil / the heel
16 mo dheirfiúr / my sister bróga dearga red shoes le sála arda / with high heels
Cuimleoidh will rub Suífidh / will sit
17 uachtar / cream ar an rúitín / on the ankle
18 ar an gcosán / on the path Gortóidh sí / She will hurt a rúitín / her ankle
Gearrfaidh / will cut Cuirfidh / willput
19 ingne / nails an pháiste / of the child
20 sciamheolaí / beautician vearnáis ingne / nail varnish salón áilleachta / beauty salon

Mé Féin – An Aimsir Láithreach (gach lá)

Iompraíonn
1 Iompraíonn an t-athair a mhac ar a dhroim anois agus arís.
2 Iompraíonn an t-athair a iníon ar a dhroim go minic.
Bíonn Tomhaiseann
3 Bíonn boilg mhóra ar dhaoine a itheann bia mífholláin..
4 Ní bhíonn boilg mhóra ar dhaoine a itheann bia folláin. Tomhaiseann sí a básta go minic.
Scrúdaíonn Suíonn
5 Scrúdaíonn an dochtúir a cliabhrach san ospidéal nuair a bhíonn pian uirthi.
6 Suíonn an páiste óg ar chliabhrach a sheanathar nuair a thagann sé ar cuairt..
Suíonn Bíonn
7 Suíonn an buachaill óg ar a thóin théis píosa.
8 Bíonn an fear ag traenáil don chluiche mór. Bíonn a thóin san aer go minic.
Bíonn Tosaíonn
9 Bíonn an fear óg ar mhaidí croise nuair a bhriseann sé a chos.
10 Tosaíonn an páiste óg ag siúl. Siúlann a mháthair ina dhiaidh ar feadh píosa.
Cuireann Cuimlíonn
11 Cuireann an fear banda ar a ghlúin (a bhíonn) gortaithe.
12 Cuimlíonn sé a ghlúin dheas lena lámh chlé.
Bíonn Corraíonn
13 Bíonn méaracha na gcos beag ar feadh tamaill.
14 Corraíonn an páiste óg méaracha beaga na gcos go minic i rith an lae.
Cuimlíonn Caitheann

15 Cuimlíonn an dochtúir (fisiteiripeoir) an tsáil ghortaithe.
16 Caitheann mo dheirfiúr bróga le sála arda.

Cuimlíonn Suíonn

17 Cuimlíonn sé uachtar ar an rúitín gortaithe.
18 Suíonn an bhean ar an gcosán nuair a ghortaíonn sí a rúitín.

Gearrann Cuireann

19 Gearrann an mháthair ingne an pháiste.
20 Cuireann an sciamheolaí vearnáis ingne ar ingne m'aintín sa salón áilleachta .

Foclóir

Iompraíonn / carries

1 an t-athair / the father a mhac / his son ar a dhroim / on his back
2 a iníon / his daughter

Ní bhíonn / does not Tomhaiseann / measures

3 bolg mór / big tummy/belly ar an bhfear / on this man (ar an + urú)
4 ar an mbean / on the woman a básta / her waist.

Scrúdaíonn / examines Luíonn / lies

5 an dochtúir / the doctor a cliabhrach / her chest inné/ yesterday arú / before
6 páiste óg / young child ar chliabhrach/ucht /on the chest a sheanathar / of his grandfather

Suíonn / sits ag traenáil / training

7 an buachaill óg the young boy ar a thóin / on his bottom théis / after awhile
8 don chluiche mór / for the big game san aer / in the air

Briseann / breaks Tosaíonn / starts

9 a chos / his leg ar mhaidí croise / on crutches
10 shiúil /walked an mháthair / the mother ina dhiaidh /after him

Cuireann / puts Cuimlíonn / rubs

11 banda / bandage ar a ghlúin / on his knee gortaithe / injured (gortaithe/ that is injured)
12 a ghlúin dheas / his right knee lena lámh chlé / with his left hand

Bíonn / has Corraíonn / moves

13 méaracha beaga na gcos / ladhra /toes beaga / small beag/beaga
14 a méaracha beaga na gcos/ladhra beaga / his/her small toes

Cuimlíonn / rubs Caitheann / wears

16 an fisiteiripeoir/an fisió the physiotherapist an tsáil / the heel
16 mo dheirfiúr / my sister bróga dearga red shoes le sála arda / with high heels

Cuimlíonn rubs Suíonn / sits

17 uachtar / cream ar an rúitín / on the ankle
18 ar an gcosán / on the path Gortaíonn sí / She hurts a rúitín / her ankle

Gearrann / cuts Cuireann / puts

19 ingne / nails an pháiste / of the child

20 sciamheolaí / beautician vearnáis ingne / nail varnish salón áilleachta / beauty salon

Mé Féin 4 - An t-Ainm Briathartha (anois)

a iompar

1 Tá a mhac a iompar ar a dhroim aige.

2 Tá a iníon a iompar aige ar a dhroim.

Tá ag tomhas

3 Tá bolg mór ar an bhfear seo.

4 Níl bolg mór ar an mbean.Tá sí ag tomhas a básta.

ag scrúdú ina luí

Tá an dochtúir ag scrúdu a cliabhraigh

6 Tá an páiste óg ina luí ar chliabhrach a sheanathar.

ina shuí ag traenáil

7 Tá an buachaill óg ina shuí ar a thóin

8 Tá an fear ag traenáil don chluiche mór. Tá a thóin san aer.

Tá ag siúl

9 Tá cos bhriste ag an fhear óg. Tá sé ar mhaidí croise

10 Tá an páiste óg ag siúl. Tá a mháthair ag siúl in aice leis.

ag cur ag cuimilt

11 Tá sé ag cur banda ar a glúin gortaithe.

12 Tá m'uncail ag cumilt a ghlúine lena lámh chlé.

Tá ag bogadh

13 Tá méaracha beaga na gcos ar an bpáiste óg.

14 Tá an páiste beag ag corraí méaracha beaga na gcos.

ag cuimilt ag caitheamh

15 Tá an fisiteiripeoir ag cuimilt na sáile. (an fisió)

16 Tá bróga dearga le sála arda a chaitheamh ag mo dheirfiúr.

ag cuimilt ina suí

17 Tá an fear ag cuimilt uachtair ar an rúitín

18 Tá an bhean ina suí ar an gcosán. Tá a rúitín gortaithe.

ag gearradh ag cur

19 Tá an mháthair ag gearradh ingne an pháiste

20 Tá an sciamheolaí sa salón áilleachta ag cur vearnáis ingne ar ingne m'aintín.

Foclóir

ag iompar / carrying

1 an t-athair / the father a mhac / his son ar a dhroim / on his back

2 a iníon / his daughter
Tá / is ag tomhas / measuring
3 bolg mór / big tummy/belly ar an bhfear / on this man (ar an + bh)
4 ar an mbean / on the woman (ar an + mb) a básta / her waist.
ag scrúdú / examining ina luí / lying
5 an dochtúir / the doctor a cliabhrach /her chest arú inné /day before yesterday
6 páiste óg/young child ar chliabhrach/ucht /on the chest a sheanathar / of his grandfather
ina shuí / sitting ag traenáil / training
7 an buachaill óg the young boy ar a thóin / on his bottom théis / after awhile
8 don chluiche mór / for the big game san aer / in the air
ag briseadh / breaking ag tosú / starting
9 a chos / his leg ar mhaidí croise / on crutches
10 shiúil /walked an mháthair / the mother ina dhiaidh /after him
ag cur / putting ag cuimilt / rubbing
11 banda / bandage ar a glúin / on her knee gortaithe/ injured (atá gortaithe/ that is injured)
12 a ghlúin dheas / his right knee lena lámh chlé / with his left hand
Tá / is ag bogadh / moving
13 méaracha beaga na gcos/toes beaga / small beag/beaga
14 a méaracha beaga na gcos beaga / his/her small toes
ag cuimilt / rubbing ag caitheamh / wearing
16 an fisiteiripeoir/an fisió / the physiotherapist an tsáil / the heel
16 mo dheirfiúr / my sister bróga dearga red shoes le sála arda / with high heels
ag cuimilt / rubbing ina suí / sitting
17 uachtar / cream ar an rúitín / on the ankle
18 ar an gcosán / on the path Gortaíonn sí / She hurts a rúitín / her ankle
ag gearradh / cutting ag cur / putting
19 ingne / nails an pháiste / of the child
20 sciamheolaí / beautician vearnáis ingne / nail varnish salón áilleachta / beauty salon

anmúinteoir ©

Digital Resource for Teachers, Students and Parents

This content is protected by Digital Copyright Laws. Reproduction and distribution of this content without written permission of anmúinteoir is prohibited.